# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005**

---

## GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II
**(120 marc)**

---

**AOINE, 10 MEITHEAMH - MAIDIN, 10.15 go dtí 12.15**

---

**Thall** ⟶

| ROINN I - PRÓS LITEARTHA | [30 marc] |
|---|---|

**Ceist 1** Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** **nó** **B**.

[*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*]

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad.)**

## Ní Binn Béal ina Thost

**Cúlra an Scéil**: Bean óg as an Bhosnia í Marika, a thagann go hÉirinn mar theifeach i gcúl leoraí. Ligtear amach í i mBáile Átha Cliath. Tá sí tuirseach traochta agus tar éis tamaill di ag siúl titeann sí i laige.Tagann sí chuici féin san ospidéal. Diúltaíonn sí labhairt le héinne, fiú leis na haltraí, mar tá eagla uirthi go gcuirfí abhaile í.

**1.** Lá amháin bhuail fear isteach san ospidéal chun í a fheiceáil. "Tá dea-scéala agam duit," a dúirt an altra le Marika, "tá cuairteoir anseo chun tú a fheiceáil." Cuairteoir! Bhuail taom eagla Marika. Cé a bhí ann? Póilín? Sea, póilín, cinnte. Bhí na póilíní tagtha chun í a chur i bpríosún. Bhí a rún ar eolas acu. Fuair siad amach gur theifeach í. Rinne sí iarracht ar éirí as a leaba ach ní thiocfadh léi. Chonaic an altra go raibh eagla a báis ar Mharika. " Ná bíodh imní ar bith ort. Ní namhaid é; is cara é. Cuideoidh sé leat. Ní dhéanfaidh sé dochar duit. Seo chugainn é."



**2.** Shiúil fear isteach sa seomra. D'amharc Marika air le hiontas. Ní raibh éide póilín air, ach "níor chiallaigh sé sin rud ar bith", a dúirt sí léi féin. Shiúil sé anonn chuici. Tharraing sé cathaoir chuige féin. "An miste leat má shuím?" ar sé. Níor fhreagair Marika é. "Suífidh mé mar sin," a dúirt sé, " ó tharla nach ndúirt tú a mhalairt."

Shuigh sé síos. " Is mise Colm. Cloisim nach bhfuil caint agat," a dúirt sé, "ach cloisim go dtuigeann tú gach rud a deirtear leat. An dtuigeann tú mise?"

**3.** Níor fhreagair sí é ach chlaon sí a ceann. " Go maith," a dúirt an fear. Lean sé ag caint. Shílfeá go raibh aithne aige ar Mharika leis na cianta. Bhí sé ar a chompord ag caint léi. "Inseoidh mé scéal duit. Fadó, fadó, bhí bean ann a d'fhág a baile dúchais féin. Bhí eagla mhór uirthi ina baile dúchais agus tháinig sí go hÉirinn. Ní raibh aithne aici ar dhuine ar bith in Éirinn. D'éirigh sí tinn agus tugadh go dtí an t-ospidéal í. Nuair a mhúscail sí, bhí a caint caillte aici toisc nach raibh muinín aici as duine ar bith. Bhí eagla uirthi go gcuirfí abhaile í. Níor thuig sí go raibh cairde nua ag iarraidh cuidiú léi."

**4.** Stad an fear agus d'amharc sé ar Mharika. Bhí Marika idir dhá chomhairle. Ar chóir di muinín a chur ann? An raibh an fear seo, an strainséir seo, iontaofa? An cara é nó namhaid? Labhair an fear arís . "Ní thuig liom cuidiú leatsa mura gcuidíonn tusa liomsa. Cuidím le teifigh. Cuidím le daoine atá i sáinn - daoine cosúil leatsa. Caithfidh tú do mhuinín a chur i nduine éigin luath nó mall. Lig dom cuidiú leat. Cad é an t-ainm atá ort?"

**5.** Bhí Marika ag éisteacht go géar le gach focal dá ndúirt sé. Go fóill féin ní raibh sí cinnte faoi ach bhí fonn uirthi labhairt le duine éigin. Bhí fonn uirthi a scéal féin a insint. " Marika is ainm dom. Marika Kovac," ar sí i nglór a bhí íseal ach soiléir. Shín Colm a lámh chuici agus miongháire an áthais ar a aghaidh. " Fáilte romhat go hÉirinn a Mharika," ar sé i nguth a bhí séimh agus macánta. Ar chúis éigin mhothaigh Marika sábháilte i gcuideachta Choilm agus chroith sí a lámh go fonnmhar. Bhí cara nua aici a sheasfadh an fód di.

(Sliocht athchóirithe as an úrscéal ***Teifeach*** le **Pól Ó Muirí** )

## Ceisteanna (iad ar cómharc)

**A ( Buntuiscint )**

**(i)** "Bhí a rún ar eolas acu." Luaigh **dhá rud** atá luaite i **gCúlra an Scéil** agus in **Alt 1** faoin rún a bhí ag Marika.

**(ii)** Cén fáth ar amharc Marika ar an gcuairteoir le hiontas?
Conas a chuir sí in iúl dó gur thuig sí é ?

**(iii)** Breac síos **dhá chúis** a raibh Marika sásta labhairt le Colm sa deireadh.

**B (Léirthuiscint Ghinearálta)**

**(i)** Luaigh **dhá thréith** a bhain le Colm mar dhuine, dar leat. I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an tréith sin.

**(ii)** 'Léiríonn an t-údar imní agus scanradh Mharika go soiléir sa scéal.'
Do thuairim uait faoi seo. ( Is leor **dhá phointe** a lua.)

**(iii)** An teideal maith é **Ní Binn Béal ina Thost ,** dar leat ?
Cuir **dhá fháth** le do thuairim.

---

**Ceist 2** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach nó mar sin i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá sa sliocht i **gCeist 1** thuas. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

**nó**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i **gCeist 1** faoin ábhar úd agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo a leanas ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an *mothúchán* sin i gceist ann. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(a) Uaigneas (b) Fearg (c) Fonn díoltais (d) Grá (e) Áthas (f) Díomá

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat.

(**Nóta**: I gcás **A** nó **B** thuas tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann i rith do chúrsa.)

---

**Thall** →

## ROINN II – FILÍOCHT [30 marc]

**<u>Ceist 1</u>.** Léigh an dá dhán thíos agus freagair **<u>trí cinn</u>** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **<u>amháin</u>** a roghnú as **A** agus ceist **<u>amháin</u>** a roghnú as **B**.
Is féidir an **<u>tríú ceist</u>** a roghnú as **A** <u>nó</u> **B**.

*[<u>Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.</u>]*

**(Ní gá dul thar <u>leathanach</u> sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad. )**

### Mac Drabhlásach

Blianta ó shin chuaigh sé ar imirce
Soir nuair a chuaigh chuile dhuine eile siar
Go Meiriceá nó ó dheas go dtí an Astráil.

Aisteach go leor, do mhac drabhlásach
Chuaigh go dtí an tír faoi mhil agus faoi bhláth
Fuair sé mil ann is phós í.

Bhí ceathrar clainne acu
Is tá siad ag cur fúthu ar bhruach
Loch Ghalailí.

Tá níos mó ná mil acu faoi láthair
Tá buamadóirí dúnmharfóra ann
Ceart go leor is neart sciúirdeanna mídhleathacha.

Ba mhian leis filleadh ar ais
Go hiarthar na tíre seo
Agus cur faoi ar bhruach na Sionainne.

**( le Colette Nic Aodha )**

**Gluais :**
**(l.4)** **(Teideal)** drabhlásach : a chaitheann saol fiáin
**(l.9)** Loch Ghalailí : loch sa Phailistín
**(ll.11 - 12)** tagairtí don bhforéigean sa Phailistín.

### Cloisfidh Tú M'ainm

Cloisfidh tú m'ainm i dtithe
beaga i nGaillimh,
ó pháistí ar an tsráid
ón lucht ag siúl cois cladaigh.

Cloisfidh tú m'ainm i dtithe
bia i nGaillimh
thar chupáin tae,
thar chupáin chaife -

scéal ó dhuine go duine
faoin bhfear a chaith
na leabhair tigh diabhail
is a theith ó thír an tsneachta.

Cloisfidh tú m'ainm i dtithe
eile i nGaillimh,
tithe móra léannta,
ag magadh ar fhear
a thréig a chuid
is a d'imigh le tincéireacht focal.

**( le Seán Ó Leocháin )**

**Gluais :**
**(l.11)** tigh diabhail : ar leataobh uaidh
**(l.12)** theith : d'imigh faoi dheifir
**(l.18)** tincéireacht focal : filíocht

### <u>Ceisteanna (iad ar cómharc)</u>

### A <u>( Buntuiscint )</u>

**(i)** Cá ndeachaigh 'chuile duine' ar imirce 'blianta ó shin' sa dán *Mac Drabhlásach* ?
Cá ndeachaigh an Mac Drabhlásach féin ?

**(ii)** Luaigh **<u>ceithre áit</u>** ina gcloisfear ainm an fhile sa dán *Cloisfidh Tú M'ainm.*

**(iii)** Breac síos **<u>dhá chúis</u>** a bhfuil daoine ag caint faoin bhfile sa dán *Cloisfidh Tú M'ainm*.

### B ( <u>Léirthuiscint Ghinearálta</u> )

**(i)** An dóigh leat go bhfuil an Mac Drabhlásach sona anois san áit a bhfuil sé ?
Tabhair **<u>dhá fháth</u>** le do fhreagra.

**(ii)** Cén saghas duine é an file ,dar leat, sa dán *Cloisfidh Tú M'ainm* ?
Is leor **<u>dhá phointe</u>** a lua.

**(iii)** Luaigh **<u>cosúlacht amháin</u>** *agus* **<u>difríocht amháin</u>** atá idir an dá dhán.

**<u>Ceist 2</u>**. Freagair **A** <u>nó</u> **B** anseo. **(Ní gá dul thar <u>leathleathanach</u> i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

**<u>A</u>**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá i do rogha **<u>ceann amháin</u>** den dá dhán i **gCeist 1** thuas. <u>Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir</u>.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin ábhair sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

**<u>nó</u>**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin ábhar úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa dán atá ainmnithe agat.

**<u>B</u>**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil do rogha **<u>ceann amháin</u>** de *na mothúcháin* seo thíos i gceist ann. <u>Ní mór teideal an dáin mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir</u>.

(a) Grá (b) Uaigneas (c) Éad (d) Fearg (e) Bród (f) Áthas

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *mothúchán* sin os ár gcomhair.

**Thall** →

## ROINN III – LÉAMHTHUISCINT (GIOTAÍ GEARRA) [30 marc]

Freagair do rogha **trí cinn** de **A, B, C, D** anseo. **(Is leor freagraí gairide i ngach cás.)**

*[I gcás **A, B** agus **C** bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat ]*

### A

Léigh an sliocht seo a leanas (as ***www.snag.ie*** ) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(10 marc)**

#### Seachtain na Gaeilge Teoranta

Is aonad de chuid Conradh na Gaeilge í Seachtain na Gaeilge Teoranta. Gach aon bhliain cuireann an t-aonad lámhleabhar ar fáil do scoileanna agus clubanna óige ar fud na tíre.

Sa lámhleabhar seo bíonn réimse leathan de mholtaí luaite chun cabhrú leo siúd, sna scoileanna agus sna clubanna óige, a bhíonn ag eagrú imeachtaí i gcomhair Lá Fhéile Pádraig.

Cuireann Seachtain na Gaeilge Teoranta ábhar tacaíochta ar fáil freisin: póstaeir, lipéid, t-léinte, pinn, fáinní, eochracha soilseacha, sparáin, raidiónna agus rudaí eile. Bíonn na hearraí seo le ceannach ar phraghsanna an-réasúnta.

Téann Foras na Gaeilge agus An Roinn Oideachais agus Eolaíochta in urraíocht ar chuid d'obair Sheachtain na Gaeilge Teoranta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an suíomh idirlín ***www.snag.ie*** **.**




**(i)** Luaigh **dhá rud** a dhéanann Seachtain na Gaeilge Teoranta .

**(ii)** Cén bhaint atá ag Foras na Gaeilge agus An Roinn Oideachais agus Eolaíochta le Seachtain na Gaeilge Teoranta ?

### B

**(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (bunaithe ar alt in **Cúla 4**) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

#### Hillary Duff

Cailín tallanach í Hillary Duff. Is mar aisteoir a bhain sí cáil amach di féin i dtosach. Chuir déagóirí preabacha na cruinne aithne uirthi nuair a ghlac sí páirt Lizzie sa tsraith teilifíse *Lizzie McGuire*. Níorbh fhada, áfach, go raibh Hillary le feiceáil ar scáileáin sna pictiúrlanna freisin. Ó 1998 i leith ghlac Hillary páirteanna i mbreis agus deich gcinn de scannáin.

Ainneoin chruóg na hoibre sin d'eisigh sí a céad albam *Metamorphosis* anuraidh agus bhí an-éileamh air ar fud an domhain. Ní beag san mar ghaisce go dtí seo nuair a chuireann tú san áireamh nach bhfuil Hillary Duff ach seacht mbliana d'éag d'aois go fóill.

Rugadh í ar an 28ú Meán Fómhair 1987 in Texas. Deir sí linn go bhfuil sí cosúil le gach cailín dá haois. Is aoibhinn léi éadaí agus bróga faiseanta.Is fuath léi a bheith ag caitheamh na n-éadaí céanna arís agus arís eile. An caitheamh aimsire is fearr léi ná an tsiopadóireacht. Ceist agam oraibh a chairde! Cá bhfaigheann sí an t-am chuige ?



**(i)** Breac síos **dhá phointe** eolais a léiríonn gur cailín tallannach í Hillary Duff.

**(ii)** Cén tslí a bhfuil sí cosúil le gach cailín dá haois, dar léi féin? Luaigh **dhá rud**.

**C** **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas ( bunaithe ar **Téacs / Nuacht TG4**) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.



**An t-Iora Glas**

## I gCoillte Chonamara

An t-earrach seo caite cuireadh tús le tionscnamh fíor-spéisiúil. Bunaíodh tearmann nó ionad dídine don iora rua i gceann de choillte Chonamara agus scaoileadh dosaen péire d'ioraí rua amach ann. Is iad Colin Lawton agus Alan Poole ó Roinn na Zó-eolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, atá taobh thiar den tionscnamh misniúil seo.

Tá an t-iora rua i mbaol óna chol ceathar, an t-iora glas, le tamall de bhlianta anuas. Sa bhliain 1911 tugadh an chéad phéire d'ioraí glasa isteach sa tír ó Shasana. Bronntanas do lánúin nuaphósta i gCaisleán Forbes i gCo Longfoirt a bhí iontu agus scaoileadh amach ar an eastát ansin iad. Scaip pór na péire sin go tapaidh trí na coillte sa taobh sin tíre agus ó dheas freisin.

Anois tá laghdú tubaisteach tagtha ar líon na n-ioraí rua in oirthear agus i ndeisceart na tíre. Ganntanas bia is cúis leis seo. Itheann an t-iora glas cnónna coille sula mbíonn na cnónna aibí. Is é an cnó coille céanna bunbhia an iora rua ach ní bhacann seisean leis go dtí go mbíonn sé breá aibí. Ar chúis éigin níor éirigh leis an iora glas dul trasna na Sionainne isteach in iarthar na tíre. Ar an ábhar sin tá an tionscnamh seo i gcoillte Chonamara an-tábhachtach ar fad.



**An t-Iora Rua**

**(i)** Cén tionscnamh ar cuireadh tús leis i gCoillte Chonamara ? Cé a chuir tús leis ?

**(ii)** Luaigh **dhá phointe** eolais i dtaobh an iora rua maidir leis an mbia a itheann sé.

**D**

Déan staidéar ar an sliocht seo a leanas (as **An t-Eolaí** ag: ***http://www.vectorcartoon.com/eolaí/***) a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó **(1)** go dtí **(11)**. Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos. (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.) Ba cheart an freagra i do fhreagarleabhar a leagan amach mar seo: "Bearna **(1)** = nuair ", agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh. **(10 marc)**


## Scéal an Innealtóra

Bhí innealtóir ag dul síos an bóthar lá **(1)** a labhair frog leis. "Tabhair dom póg," a dúirt an frog, " agus **(2)** i mo bhanphrionsa álainn mé."
Chuir an t-innealtóir an frog ina phóca.

Ghlaoigh an frog air in ard a **(3)** is a ghutha. " Má phógann tú mé agus má athraíonn tú i mo bhanphrionsa mé, fanfaidh mé leat go **(4)**." Thóg an t-innealtóir an frog as a phóca, rinne **(5)** leis agus chuir ar ais ina phóca é.

"Cad é atá **(6)** leat? Dúirt mé gur banphrionsa álainn mé agus go bhfanfaidh mé leat de lá agus d'oíche. Cén fáth **(7)** bpógann tú mé?" a **(8)** an frog.

D'fhreagair an t-innealtóir é. "Féach is innealtóir mé. Níl an t-am agam **(9)** caitheamh le grá geal. Ach frog a **(10)** caint aige! Sin **(11)** eile."



**Liosta focal**: nuair [Bearna (1)]; nach; bhfuil; scéal; athrófar; deo; bhéic; gáire; le; chinn; cearr.

Thall →

## ROINN IV – LITIR A SCRÍOBH [30 marc]

Freagair **A** <u>nó</u> **B** <u>nó</u> **C** anseo. **(Ná gá dul thar <u>leathleathanach</u> i do fhreagra.)**

### <u>A</u>

Tá cara leat ar scoil i dtír eile. Tá a t(h)uismitheoirí ag obair ansin. Fuair tú litir uaithi / uaidh.
Scríobh an litir a chuirfeá chuici / chuige mar fhreagra.

<u>I do litir luaigh</u>

- do fhreagra ar cheist éigin a bhí sa litir ó do chara
- scéal mór éigin atá i mbéal an phobail in Éirinn faoi láthair
- scéal éigin i dtaobh do shaoil féin ar scoil
- an caitheamh aimsire nua atá agat
- mar a chaithfidh tú an samhradh

### <u>B</u>

Léigh tú alt in *Foinse* faoin ábhar *Foireann amháin sacair don tír seo, thuaidh agus theas*.
Scríobh an litir a chuirfeá chuig eagarthóir na hirise i dtaobh an ailt.

<u>I do litir luaigh</u>

- **dhá rud** a bhí san alt i bhfábhar an smaoinimh
- **dhá rud** a bhí san alt i gcoinne an smaoinimh
- do thuairim féin ar an ábhar

### <u>C</u>

Bhí ócáid speisialta san Halla Pobail i do cheantar féin le déanaí.
Scríobh an litir a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di i dtaobh na hócáide.

<u>I do litir luaigh</u>

- an fáth a raibh an ócáid ar siúl
- **dhá rud** faoin ócáid a thaitin go mór leat
- **dhá rud** faoin ócáid nár thaitin leat